CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE



Tuarascáil Bhliantúil **2025**

AGUS RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS DE CUID CHUIDEACHTA PHORT NA SHIONAINNE AGUS FHAINGE AGUS A GNÓTHAIS FOCHUIDEACHTA





CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE

Tomhaltas Deiridh Iomlán (TDI) do 2025:

- 764,608 kWh de leictreachas
- 1,719,710 kWh d'olaí mianracha

Riachtanas Iomlán an Fhuinnimh Phríomha (RIFP) do 2025:

- 1,409,533 kWh de leictreachas
- 1,277,739 kWh d'olaí mianracha

Gníomhartha a rinneadh in 2025:

- *Aistriú chuig feithiclí leictreacha:* Cuireadh dhá fheithicil leictreacha tráchtála (EVanna) in ionad dhá fheithicil a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh (ICE) acu, rud a chuidigh le hastaíochtaí a bhaineann leis an bhflít a laghdú.

- *Measúnú ar fheidhmíocht fuinnimh oibríochtúil:* Rinneadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla chun riachtanais reachtúla tuairiscithe a dheimhniú agus deiseanna a aithint chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus tacú le spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach, a mhéid is indéanta go réasúnach.

- *Leathnú ar mhéadrú cliste:* Leanadh le méadrú cliste a chur i bhfeidhm ar fud suíomhanna roghnaithe chun feabhas a chur ar mhonatóireacht, tomhas agus anailís ar thomhaltas fuinnimh leictrigh.

- *Cloí leis an gCreat Inbhuanaitheachta agus Athléimneachta Aeráide:* Cloíodh go leanúnach le Creat Inbhuanaitheachta agus Athléimneachta Aeráide na Cuideachta, agus na príomhrialuithe corpraithe i bPlean Gníomhaíochta Aeráide Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (CPSF). Fanann an creat ailínithe le moltaí NewERA.

- *Rannpháirtíocht i dtionscnaimh náisiúnta laghdaithe fuinnimh:* Leanadh le rannpháirtíocht sa bhfeachtas "Úsáid Níos Lú" faoi stiúir an Rialtais, ag tacú le hathrú iompraíochta agus le cur chun feidhme beart atá dírithe ar thomhaltas fuinnimh eagraíochtúil a laghdú.

Gníomhartha atá Beartaithe do 2026:

- *Iniúchadh ar dheiseanna dícharbónaithe:* tá obair leanúnach ar bun chun tionscnaimh a shainaithint agus a mheas a thacaíonn le spriocanna laghdaithe carbóin an Rialtais do 2030 agus 2050, agus béim ar leith ar astaíochtaí CO_2 a laghdú agus ar fheidhmíocht fuinnimh fhoriomlán a fheabhsú.

- *Measúnú ar fhoinsí breosla malartacha:* leanfar den anailís ar inmharthanacht aistrithe ó dhíosal marcáilte chuig roghanna ísealcharbóin, lena n-áirítear Ola Glasraí Hidreachóireáilte (HVO), chun astaíochtaí a bhaineann lenár n-oibríochtaí a laghdú.

- *Aistriú chuig roghanna flít ísealcharbóin:* measúnú ar dheiseanna chun líon na bhfeithiclí tráchtála faoi thiomáint díosail a laghdú, agus tosaíocht á tabhairt d'Fheithiclí Leictreacha (EVanna) agus d'fheithiclí hibrideacha nuair is iomchuí ó thaobh oibríochta de.

- *Leathnú ar dheiseanna Fótavoltacha Gréine:* breithniú ar chumas suiteálacha Fótavoltacha Gréine breise chun spleáchas ar an ngreille náisiúnta a laghdú agus acmhainn giniúna fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú.

- *Nuachóiriú na gcóras soilsithe:* leanúint le clár oibreacha chun soilsiú dianfhuinnimh a athsholáthar le córais LED ardéifeachtúlachta, arna chomhlánú le suiteáil phleanáilte rialuithe soilsithe cliste chun úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú.

- *Cur chun cinn feasachta fuinnimh:* Leanúint le tacaíocht do thionscnaimh feasachta fuinnimh i ngach áis, lena n-áirítear ullmhúchán do rannpháirtíocht athnuaite san fheachtas "Úsáid Níos Lú" faoi stiúir an Rialtais in 2025.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais

An Bhliain Airgeadais Dar Chríoch 31 Nollaig 2025

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais 2025

Clár na nÁbhar **Leathanach**

Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	2
An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí	3-9
Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	10
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	11-15
Ráiteas an Chathaoirligh	16-23
Athbhreithniú Gnó agus Oibriúcháin	24-31
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách	32-34
Beartais Chuntasaíochta	35-42
Cuntas Brabúis agus Caillteanais Chomhdhlúite	43
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach	44
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	45
Clár Comhardaithe na Cuideachta	46
Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe i gCothromas	47
Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe i gCothromas	48
Ráiteas Comhdhlúite Sreabhaidh Airgid	49
Anailís Chomhdhlúite ar Fhiachas	50
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	51-68

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

Bord

M. Walsh (Cathaoirleach)
P. Keating (POF)
R. Leonard
A. Moran
D. O'Hara
J. O'Keeffe
J. Spring

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

E. Stanley
Oifig an Chuain
Faing
Co. Luimnigh

Uimhir Chláraithe: 332414

Iniúchóirí Neamhspleácha

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Teach an Mhuilinn
Sráid Anraí
Luimneach

Foireann Bainistíochta

P. Keating	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
J. Carlton	Bainisteoir Seirbhísí Port
J. Hallissey	Ceannasaí Forbartha Gnó
E. Stanley	Rialtóir Airgeadais agus Rúnaí

Dlíodóirí

Harrison O'Dowd
Teach an Inbhir
Sráid Anraí
Luimneach

Philip Lee Solicitors
7-8 Ardán Wilton
Baile Átha Cliath 2

Arthur Cox Solicitors
Uimhir a Deich Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann Cpt
An Chearnóg
An Caisleán Nua
Co. Luimnigh

Bainc-Aontas Éireann Cpt
106/108 Sráid Uí Chonaill
Luimneach

Banc na hÉireann
125 Sráid Uí Chonaill
Luimneach

Achtúirí
Unio Financial Services Teo.
2 Ionad Gnó Áth an Ghainimh,
Bóthar Halla an Bhurtúnaigh
Áth an Ghainnimh
Baile Átha Cliath 18

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí
Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Scairshealbhóirí mar aon leis na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais Iniúchta don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2025.

Rialú
Bunaíodh Bord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge faoin Acht Cuanta 1996. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuirtear an cúram seo i bhfeidhm trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus ag déanamh cinntí straitéiseacha ar gach príomhcheist ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na cinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar theagmháil dhíreach idir an Bord agus bainistíocht Chuideachta Phort na Sionainne agus Fainge.

Príomhghníomhaíochtaí
Is é cuspóir gnó an Ghrúpa ná sreabhadh earraí agus na faisnéise rianaithe atá bainteach a éascú ar fud Inbhear na Sionainne. Agus an cuspóir sin á chur san áireamh, soláthraíonn an Grúpa an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus an chóiríocht is gá chun freastal ar aistriú éifeachtúil earraí idir iompar talún agus farraige. Gintear ioncam i dtaca le soláthar na n-áiseanna sin ó dhleachtanna soithí agus earraí, ó stíbheadóireacht, ó chíos agus ó na seirbhísí coimhdeacha a chuirtear ar fáil.

Taifid Chuntasaíochta
Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád trí dhaoine a bhfuil saineolas cuí acu a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag seoladh gnó na Cuideachta ag Teach an Mhuilinn, Faing, Co. Luimnigh.

Freagrachtaí an Bhoird
Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTéarmaí Tagartha an Bhoird ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird.

Is é cuspóir an Bhoird Stiúrthóirí ná:

- gníomhú mar airígh ar shócmhainní Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (CPSF) agus chun luach na sócmhainní sin a uasmhéadú.
- straitéis agus oibríochtaí Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a stiúradh.
- gníomhú ar mhaithe le leas Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus a páirtithe leasmhara i gcónaí.
- a chinntiú go gcuirtear dea-rialachas corparáideach i bhfeidhm i gcónaí laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus chun riosca a bhainistiú mar is cuí.

Ba cheart do chomhaltaí an Bhoird gníomhú ar bhonn eolach, de mheon macánta, le dícheall cuí agus cúram, ar mhaithe le leas Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, faoi réir na gcuspóirí arna leagan síos ag an Rialtas agus gach oibleagáid reachtúil. Tarmligeann Bord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge údaráis agus freagrachtaí don bhainistíocht lena chinntiú go ndéantar gnóthaí na Cuideachta a reáchtáil go hordúil, go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997
Is é beartas na Cuideachta agus an Ghrúpa téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ar gach slí ábhartha.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Athbhreithniú ar an nGnó
Tá athbhreithniú mionsonraithe ar oibríochtaí an Ghrúpa leagtha amach ar leathanaigh 24-31.

Forbairtí sa Todhchaí
Tá straitéis an Ghrúpa dírithe ar a ghníomhaíochtaí a fhorbairt in Inbhear na Sionainne agus leanfar leis sin sna blianta amach romhainn.

Teagmhais Iarchláir Comhardaithe
Ní dheachaigh aon imeachtaí suntasacha i bhfeidhm ar an ngrúpa ó dheireadh na bliana.

Torthaí agus Díbhinní
Léiríonn an cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais ar leathanach 43 torthaí an Ghrúpa don bhliain.

Mhol an Grúpa díbhinn le linn 2024 maidir leis an mbliain airgeadais 2023 arbh ionann í agus €435,000. Íocadh í sin ar an 7 Eanáir 2025.

Mhol agus d'íoc an Grúpa díbhinn de €394,000 le linn 2025 maidir leis an mbliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2024.

Instealladh Caipitil
Léirigh sé seo an difríocht idir glanluach leabhar na sócmhainní a glacadh ar láimh ar an Lá Dílsithe (17 Meán Fómhair 2000) agus an scairchaipiteal eisithe ag an am sin.

Shuibscríobh an scairshealbhóir €3,809,214 do ghnáthscaireanna de €1.269738 an ceann i rith na bliana dar chríoch 2001. Leithroinneadh scaireanna i leith na suime sin le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2002 mar seo a leanas:

3,047,371 Gnáthscair de €1.25 an ceann

Ina theannta sin, eisíodh 11,246,513 Gnáthscair de €1.25 an ceann as an instealladh caipitil amhail an 31 Nollaig 2001.

Taighde agus Forbairt
Tá an Grúpa tiomanta do Thaighde agus Forbairt ar mhaithe leis an nGrúpa, leis an gcustaiméir agus leis an gcomhshaol.

Fochuideachta
Tá sonraí na fochuideachta de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge leagtha amach i nóta 12 de na ráitis airgeadais.

Ráiteas ar Fhaisnéis Iniúchóireachta Ábhartha
Tá an méid seo a leanas deimhnithe ag gach duine atá ina Stiúrthóir tráth ceadaithe thuarascáil seo na Stiúrthóirí:

- a mhéid is eol don Stiúrthóir sin, nach bhfuil aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoi agus
- go bhfuil gach beart déanta ag an Stiúrthóir ar chóir a bheith déanta acu mar Stiúrthóir chun a bheith feasach ar aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus chun fáil amach an bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Iniúchóirí
Leanann na hiniúchóirí Grant Thornton, in oifig de réir alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Struchtúr an Bhoird & Príomhathruithe Pearsanra
De réir alt 326 agus alt 329 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ba iad seo a leanas na Stiúrthóirí a d'fhóin ag aon am le linn na bliana airgeadais chomh maith le leas na Stiúrthóirí agus an Rúnaí i scaireanna na Cuideachta agus i ngnóthais an Ghrúpa, agus na gluaiseachtaí iontu, i rith na bliana airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2025:

M. Walsh, Cathaoirleach (arna gceapadh ar feadh téarma 5 bliana, 27 Márta 2024)
P. Keating, POF
R. Leonard (Arna gceapadh ar an 10 Lúnasa 2022 ar feadh téarma 5 bliana)
A. Moran (Arna gceapadh ar an 2 Feabhra 2023 ar feadh téarma 5 bliana)
D. O'Hara (Arna gceapadh ar an 29 Samhain 2025 ar feadh téarma 3 bliana)
J. O'Keeffe (Arna gceapadh ar an 29 Samhain 2025 ar feadh téarma 3 bliana)
J. Spring (Arna gceapadh ar an 8 Aibreán 2022 ar feadh téarma 5 bliana)
T. Tynan (A d'éirigh as ar an 20 Meitheamh 2025)

Níl aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí, lena n-áirítear leasanna teaghlaigh, i scairchaipiteal na Cuideachta nó a Fochuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus an 31 Nollaig 2025.

Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR): bhí triúr go ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord ann le linn 2025. Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag Bord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun tacú leo lena gcuid freagrachtaí ó thaobh saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar dhearbhuithe chun freastal ar riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe sin. Is ról comhairleach é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus ní scaoileann sé an Bord Stiúrthóirí óna bhfreagrachtaí. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Áirithíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

  Ba iad na baill den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2025 ná: Judith Spring (Cathaoirleach agus comhalta go dtí an 28 Lúnasa), R. Leonard (Cathaoirleach ón 28 Lúnasa), D. O'Hara, A. Moran agus J. O'Keeffe (ón 19 Meán Fómhair). Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca le linn 2025, agus táimid sásta gur chomhlíon an Coiste a ról go hiomlán leis na ceithre chruinniú sin.

- Ar an gCoiste Luacha Saothair: bhí triúr go ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord ann le linn 2025. Ba iad comhaltaí an Choiste sin do 2025 ná: Michael Walsh (Cathaoirleach), J. O'Keeffe, J. Spring agus T. Tynan (go dtí an 20 Meitheamh). Tháinig an Coiste Luacha Saothair le chéile uair amháin in 2025.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais
Tá sceideal freastail ar chruinnithe Boird agus Coiste do 2025 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

	Bord	Bord Neamhfhei-dhmiúcháin	Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Luach Saothair	Táillí	Costais
					2025 €	2025 €
Líon na gcruinnithe	8	2	4	1		
M. Walsh	8	2		1	12,600	-
R. Leonard	8	2	4		8,100	148
P. Keating	8				8,100	-
A. Moran	8	2	4		8,100	1,794
D. O'Hara	7	2	4		8,100	-
J. O'Keeffe	8	2	2	1	-	2,241
J. Spring	8	2	2	1	8,100	-
T. Tynan	4		2		3,819	-
					56,919	4,183

Nótaí:
Ag éirí as ar an 20 Meitheamh dó, ní raibh T. Tynan incháilithe chun freastal ar cheithre Chruinniú Boird, ar dhá Chruinniú Boird Neamhfheidhmiúcháin agus ar dhá Chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a reáchtáladh le linn na bliana.

Tar éis sé bliana ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, d'éirigh J. Spring as an gCoiste ar an 28 Lúnasa, agus bhí sí incháilithe chun freastal ar dhá chruinniú den choiste.

Ceapadh J. O'Keeffe ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 19 Meán Fómhair, agus bhí sí incháilithe chun freastal ar dhá chruinniú den choiste.

Glaodh ceann de na Cruinnithe Boird thuasluaite agus an dá Chruinniú Boird Neamhfheidhmiúcháin ar gearrfhógra de réir Airteagal 62 de Bhunreacht na Cuideachta.

Príomhathruithe Pearsanra
D'éirigh T. Tynan as mar Stiúrthóir ar an 20 Meitheamh 2025.
D'éirigh D. O'Hara as mar Stiúrthóir ar an 29 Samhain 2025, agus athcheapadh í mar Stiúrthóir ar théarma trí bliana le héifeacht ón 29 Samhain 2025.
D'éirigh J. O'Keeffe as mar Stiúrthóir ar an 29 Samhain 2025, agus athcheapadh í mar Stiúrthóir ar théarma trí bliana le héifeacht ón 29 Samhain 2025.

Tá an Bord ag obair leis an Roinn Iompair agus leis an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun an folúntas ar an mBord a líonadh a tháinig chun cinn de bharr scor an Uasail Tynan.

Riachtanais maidir le Cothromaíocht Inscne
Amhail an 31 Nollaig 2025, tá áthas orainn a rá, bhí an Bord comhdhéanta de cheathrar ban (57%) agus de thriúr fear (43%), agus mar sin baineadh sprioc an Rialtais amach d'ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht bord Stáit.

Tá an Bord tiomanta do chothromaíocht inscne a choinneáil agus tacú léi ar an mBord. Glacfaimid dhá bheart go háirithe chun í sin a bhaint amach, trí aird a tharraingt ar chomhdhéanamh inscne don Roinn Iompair agus aighneachtaí á ndéanamh againn roimh cheapacháin agus athcheapacháin Bhoird agus trí mholadh a thabhairt don Roinn téarma ceapacháin comhalta a athrú go 3 bliana nó go 5 bliana chun a chinntiú go gcoimeádtar spriocanna ionadaíochta le himeacht ama.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Tá áthas orainn chomh maith a thuairisciú go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas maidir le cothromaíocht inscne ar Bhord na Cuideachta. Aithnímid tacaíocht na Roinne Iompair agus na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, thar an tréimhse, maidir le cabhair a thabhairt don Bhord dul i ngleic leis na riachtanais a bhaineann le cothromaíocht inscne agus na riachtanais sin a chomhlíonadh, agus táimid iontach buíoch astu.

Nochtaí atá Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)
Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtaí seo a leanas riachtanach de réir an Chóid.

Miondealú Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe
Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe de bhreis ar €50,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2025	2024 (athshonraithe)
€50,000 - €75,000		22	15
€75,001 - €100,000		8	9
€100,001 - €125,000		2	3
€125,001 - €150,000		3	3
€150,001 - €175,000		1	1
€175,001 - €200,000		1	1

Nóta: Chun críoch an nochta sin, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

Tugadh chun críche in 2025 dámhachtain phá idirghafa i ndáil leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, gan an Príomhfheidhmeannach a áireamh. Áiríodh sa dámhachtain phá sin foráil maidir le híocaíocht i leith tréimhsí roimhe sin, agus léirítear méid na híocaíochta sin sna ráitis airgeadais seo. Nuashonraíodh an fhaisnéis a nochtar sa tábla thuas i leith 2024 chun é sin a léiriú.

Costais Chomhairleachta
Áirítear ar chostais chomhairleachta a sonrascadh agus a fuarthas sa tréimhse, costas comhairle seachtraí don fhoireann bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna áirithe seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2025 €	2024 €
Comhairle Dlí	91,516	35,590
Deimhniú Airgeadais, Iniúchta Inmheánaigh agus Comhlíonta	303,152	354,571
CP (Caidreamh Poiblí) agus Margaíocht	20,683	32,333
AD (Acmhainní Daonna), Earcaíocht agus Pinsin	85,339	89,131
Innealtóireacht, Mara & Dearadh	1,141,258	697,891
Pleanáil	15,711	11,390
Eile	208,334	54,188
Costais Chomhairleachta Iomlána	**1,865,993**	**1,275,094**

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

	2025 €	2024 €
Costais Chomhairleachta Caipitlithe	1,041,787	625,841
Costais Chomhairleachta sonrasctha agus faighte agus aitheanta sa chuntas brabúis & caillteanais	824,206	649,253
Iomlán	**1,865,993**	**1,275,094**

Costais Dlí agus Socraíochtaí
Tugtar miondealú sa Tábla thíos ar mhéideanna an chaiteachais arna sonrascadh agus arna fháil sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fhaigheann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a nochtar i gcostais Chomhairleachta thuas.

	2025 €	2024 €
Táillí Dlí - Imeachtaí Dlí	-	-
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	-	-
Iomlán	**-**	-

Caiteachas Taistil agus Cothabhála
Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar leanas:

		2025 €	2024 €
Intíre			
	Bord	4,183	4,449
	Fostaithe	54,099	53,934
Idirnáisiúnta			
	Bord	-	-
	Fostaithe	18,262	21,842
Iomlán		**76,544**	**80,225**

Caiteachas Fáilteachais
Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais:

	2025 €	2024 €
Fáilteachas Foirne	16,010	13,987
Fáilteachas Tríú Páirtí	10,307	19,340
Iomlán	**26,317**	**33,327**

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Ráiteas Comhlíonta
Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh go hiomlán ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge don bhliain 2025.

D'fhormheas an Bord an ráiteas seo ar an 27 Márta 2026, agus shínigh na daoine seo a leanas é thar cheann an Bhoird:

Pat Keating
Stiúrthóir

Michael Walsh
Stiúrthóir

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaítear le dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir Achta na gCuideachtaí 2014 agus an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 'An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann'.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a cheadú mura deimhin leo go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta do dháta deireadh bliana airgeadais bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais sin agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 freisin.

Agus gach ceann de ráitis airgeadais an ghrúpa agus na cuideachta á ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú le haghaidh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- a chur in iúl an bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint agus a thabhairt faoi deara an éifeacht agus na cúiseanna atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Grúpa i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Grúpa taifid chuntasaíochta leordhóthanacha nó go gcuireann sé faoi deara iad a choimeád ina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta an Ghrúpa i gceart, gur féidir tráth ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas an Ghrúpa a chinneadh le cruinneas réasúnach, go gcuireann siad ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus go bhféadfar na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais, a bheith difriúil ó reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

D'fhormheas an Bord an ráiteas seo ar an 27 Márta 2026, agus shínigh na daoine seo a leanas é thar cheann an Bhoird:

Pat Keating
Stiúrthóir

Michael Walsh
Stiúrthóir

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Admháil

Thar ceann Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (CPSF), admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chaomhnú agus a fheidhmiú. Cuirtear ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ann chun freastal ar luachanna a bhaineann leis an ordlathas rialaithe. Cé go ndéanfaidh an mhodheolaíocht a úsáidtear a dícheall i gcónaí riosca a dhíothú nó a ionadú, tá sé réasúnach glacadh leis go bhfanfaidh riosca iarmharach agus mar sin ní mór do rialuithe a chuirtear i bhfeidhm an riosca a laghdú Chomh hÍseal agus is Indéanta le Réasún (ALARP). Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gCuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ar feadh na bliana iomláine dar chríoch 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais. Cuireadh athbhreithniú agus ráiteas ina ndeimhnítear éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 19 Márta 2026.

Bainistíocht Riosca agus an Timpeallacht Rialaithe

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ina leagtar amach an fonn riosca atá aici na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Cuirtear an beartas sin in iúl do gach ball foirne a oibríonn laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Tá an córas Bainistíochta Riosca ceaptha chun an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun laigí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge as bainistiú riosca lena n-áirítear cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé toilteanach glacadh leo a bhaint amach chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a chinneadh.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ar a bhfuil comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin chun tacú leis an mBord ina bhfreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais chorparáidigh. Is coiste de chineál comhairleach an coiste sin, agus ní scaoiltear an Bord Stiúrthóirí óna bhfreagrachtaí mar gheall air. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta & Riosca le chéile ceithre huaire in 2025. Is deimhin liom gur oibrigh an córas rialaithe inmheánaigh go héifeachtach i rith na tréimhse tuairiscithe.

I rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2025, tá bearta glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir le seirbhísí pearsanra cáilithe a bheith urraithe agus dualgais a leithdháileadh i gceart ina measc, dualgais a scaradh nuair is indéanta;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- Córas buiséadaithe cuimsitheach a bheith ann le buiséad bliantúil a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air agus a cheadaíonn an Bord. Tuarascálacha míosúla a sholáthar don Bhord a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht in aghaidh an Bhuiséid agus a shainaithníonn aon difríochtaí ábhartha a tharlaíonn;
- Oiliúint a chur ar fáil do chomhaltaí nua agus do chomhaltaí reatha an Bhoird Stiúrthóirí maidir lena ról agus a bhfreagrachtaí;

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)

- Córais a bhunú atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- An Coiste Iniúchóireachta & Riosca ag tabhairt faoina ról agus a bhfreagrachtaí le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachas Corparáideach laistigh den Chuideachta;
- Nósanna imeachta a bhunú trína bhféadfaidh fostaithe na Cuideachta, faoi rún, imní a chur in iúl faoi neamhrialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais nó i gcúrsaí eile agus chun a chinntiú go ndéantar obair leantach fhiúntach ar ábhair a ardaítear ar an mbealach sin; agus
- Córais bhainistíochta chomhtháite (IMS) chreidiúnaithe UKAS a fheidhmiú agus a chaomhnú chun cloí le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta ISO9001:2015 (Cáilíocht), ISO 45001:2018 (Sláinte agus Sábháilteacht) & PERS (An Scéim um Chlárú Timpeallachta Port) a chomhlíonadh. Tá bainistíocht córais bunaithe ar mhúnla comhtháite agus, i gcomhréir leis na ceanglais a shanntar tríd an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016; tá bainistíocht riosca lárnach chun rialú oibríochtúil rathúil a choimeád ar an gcuideachta agus ar a gcórais.

Tá a feidhm Iniúchta Inmheánaigh seachfhoinsithe ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Comhaontaítear obair an iniúchta inmheánaigh i gcomhairle leis an mbainistíocht agus leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Mhol an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Clár Iniúchta Inmheánaigh do 2025 don Bhord, agus cuireadh i gcrích ina iomláine é ina dhiaidh sin. Feidhmíonn an Soláthraí Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach de réir na gCreatchód Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus tuairiscíonn sé go díreach don Choiste Iniúchóireachta & Riosca, agus cuireann sé a chuid oibre i láthair os a chomhair. Léiríonn na tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le leordhóthanacht na rialuithe a ndearnadh athbhreithniú orthu.

Tá Creat Bainistíochta Riosca ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a sholáthraíonn cur chuige comhsheasmhach ar fud na heagraíochta maidir le bainistíocht agus maolú riosca. Cinntíonn sé go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheas, a thomhas, a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú go comhsheasmhach. Déantar rioscaí a mheas agus a chur in ord tosaíochta bunaithe ar dhianas féideartha an tionchair agus ar an seans go dtarlóidh siad. Feidhmíonn Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge feidhm iniúchta riosca inmheánaigh a bhfuil acmhainní aici agus a stiúrann clár oibre atá comhaontaithe leis an bhFeidhmeannas.

Agus príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí á gcinneadh, tá fachtóirí mar an timpeallacht sheachtrach, rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus cur chuige bainistíochta riosca na cuideachta ina bpríomhcheisteanna.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na bearta a bhfuil gá leo chun rioscaí a mhaolú, agus na freagrachtaí a shanntar do bhaill foirne ar leith maidir le hoibriú na rialuithe amhail na nithe seo a leanas:

- Cineál na bpríomhrioscaí gnó atá roimh an eagraíocht a shainaithint.
- Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar agus ar dhóchúlacht na rioscaí comhlána a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
- Na rialuithe atá i bhfeidhm a shainaithint chun na rioscaí comhlána a mhaolú.
- Athmheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus na rialuithe atá i bhfeidhm á gcur san áireamh chun a shainaithint an bhfuil an riosca iarmharach Chomh hÍseal agus is Indéanta le Réasún (ALARP).
- Úinéir riosca a shainaithint le haghaidh gach riosca a sainaithníodh.
- Straitéisí breise a shainaithint nuair is gá chun na príomhrioscaí a bhainistiú.
- Athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an bpróiseas bainistíochta riosca.
- Is mír bhuan den chlár oibre í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú sceidealta den Bhord.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)

Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí

Roinntear na rioscaí atá cláraithe ar chlár riosca na cuideachta i dtrí shraith, príomhriosca, measartha agus eile.

Mar chuid de dhualgais sannta, rinne an Coiste Iniúchóireachta & Riosca de chuid Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge measúnú ar na príomhrioscaí atá roimh an gcuideachta agus chuir siad tuarascáil faoi bhráid an Bhoird ina ndéantar achoimre ar thorthaí agus ar aon athruithe suntasacha.

Príomhriosca	Cur Síos agus Bearta Maolaithe
Corparáideach	Sócmhainn thar a bheith tábhachtach is ea Inbhear na Sionainne agus tá sé ar cheann de na hacmhainní nádúrtha is luachmhaire in Éirinn agus i Réigiún an Iarthair Láir go háirithe. Sna tailte imill agus sa limistéar muirí, tá spás agus suíomhanna ionas go gcuirfear fás eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil chun cinn laistigh den Réigiún le forbairt, gníomhaíochtaí agus deiseanna. Glacann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge leis go gcuireann mainneachtain toiliú reachtúil a fháil bac ar fhorbairt eacnamaíoch san Inbhear. Is plean creata idirdlínse bunaithe ar talamh agus ar muir é Creatphlean Comhtháite Straitéiseach (CPSF) d'Inbhear na Sionainne chun treoir a thabhairt d'fhorbairt agus bainistíocht Inbhir na Sionainne. Leagann an Creatphlean Comhtháite Straitéiseach (CPSF) straitéis fhoriomlán amach maidir le bainistiú fás inbhuanaithe, forbartha agus timpeallachta do Réigiún Inbhear na Sionainne.
Forbairt Gnó	Aithníonn Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge go bhféadfadh caillteanas mórchustaiméirí a bheith mar thoradh ar roinnt athruithe maicreacnamaíochta agus/nó earnála. Cuireann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge rialuithe i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí margaíochta meántéarmacha agus fadtéarmacha a áireamh, roghanna gnó malartacha a mheasúnú agus oibriú le gníomhaireachtaí eile chun tacú le forbairt agus cur chun cinn an chalafoirt.
Sláinte agus Sábháilteacht	Mar gheall ar nádúr inghreamaithe na n-oibríochtaí laistigh de thimpeallacht phoirt, tá oibríochtaí crochta troma fós ina bpríomhréimse riosca. Cuireann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge rialuithe oibríochta i bhfeidhm lena n-áirítear cigireacht reachtúil agus scrúdú amhairc rialta ar threalamh, coinneáil clár ardaithe, inniúlacht oibritheoirí agus foirne cothabhála agus cláir chothabhála phleanáilte chun a chinntiú go n-oibrítear, agus go gcothabháiltear, trealamh de réir threoirlínte na déantúsaíochta. Tá feidhm ag na rialuithe sin chun baol teagmhais agus/nó caillteanais a laghdú.
Timpeallacht	D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag Truailliú Ola ar an gcomhshaol mar gheall ar theagmhas a bhaineann le hárthach ar uisce. Chun é sin a mhaolú, tá "Treoir maidir le hIontráil Poirt" cheadaithe ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun cabhrú le Máistir gach árthaigh agus iad ag dul isteach i dteorainneacha an phoirt. Ceanglaítear ar árthaí a théann isteach i dteorainneacha calafoirt, teastais a bheith acu lena ndearbhaítear oiriúnacht, fianaise ar shuirbhéanna tréimhsiúla chun a chinntiú go gcomhlíonann siad rialacháin idirnáisiúnta lena n-áirítear doirteadh thar bord, deighilteoirí uisce olaigh agus árachas chun costas teagmhais timpeallachta a chlúdach. Is baill d'Fhoireann Frith-Thruaillthe Inbhear na Sionainne (SEAPT) í Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ina gcuirtear rochtain ar threalamh agus acmhainní freagartha ar fáil chun cabhrú le freagairt ar theagmhais truaillithe ola ar uisce.
Seirbhísí Teicniúla agus Poirt	Mar gheall ar nádúr dúchasach na hoibre i mbolg loinge cuireann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge roinnt rialuithe i bhfeidhm chun an baol teagmhais agus/nó gortaithe a laghdú. I measc na rialuithe tá córas sábháilte pleananna oibre, cead údaraithe chun teacht isteach, pleananna tarrthálacha doiciméadaithe agus tástáilte, modhanna oiriúnacha cumarsáide agus rochtain shábháilte agus bealach amach. Déantar na hoibreacha a phleanáil agus a eagrú de réir an dea-chleachtais agus cuirtear oiliúint chuí ar an bhfoireann, chun iad a bheith inniúil agus na hacmhainní acu chun na rialuithe a comhaontaíodh a chur i bhfeidhm.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)

Acmhainní Daonna	Braitheann coinneáil agus earcaíocht príomhphearsanra bainistíochta go mór ar luach saothair cuí. Is ábhar imní don Bhord é nach bhfuil luach saothair den sórt sin ag teacht leis an gcleachtas margaidh faoi láthair. Dá gcaillfí príomhbhaill foirne ar leibhéal sinsearach na heagraíochta, laghdófaí an tsaintaithí bhailithe agus cuimhne chorparáideach na Cuideachta. Mar thoradh air sin, chuirfí moill ar phríomhshruthanna oibre, agus chuirfí i mbaol iad, agus earcaíocht ar siúl chun poist a líonadh. Chomh maith leis sin, tá sé nach mór cinnte go mbeadh moill ar phleananna corparáideacha na Cuideachta mar go bhféadfadh fad a bheith curtha le hearcaíocht agus gur dócha go mbeadh sí deacair de bharr margadh iomaíoch agus srianta leanúnacha a bhaineann le luach saothair POF ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Clár cuimsitheach riosca a chothabháil i gcás inar sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus inar cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú;
- Clár iniúchtaí a choinneáil lena n-áirítear clár iniúchta riosca arna chur ar fáil ag fostaithe cuideachta, clár iniúchta inmheánaigh arna sholáthar ag soláthraí seachtrach atá ceadaithe ag an mBord agus cláir iniúchtaí deimhnithe atá ceaptha chun ceanglais ISO 9001:2015 (Cáilíocht), ISO 45001:2018 (Sláinte agus Sábháilteacht) agus PERS (An Scéim um Chlárú Timpeallachta Port) a chomhlíonadh);
- De réir na dTéarmaí Tagartha Iniúchóireachta & Riosca, cuireann an bhainistíocht clár faisnéise doiciméadaithe faoi bhráid an choiste Iniúchóireachta & Riosca;
- Socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais agus oibríochtúil; agus
- Déanann an Lucht Bainistíochta athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar agus An Cód Caiteachais Phoiblí

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair agus gur chomhlíon Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge na nósanna imeachta sin i rith 2025. Dearbhaím go bhfuil ceanglais chuí Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á gcomhlíonadh.

Tá an Bord go hiomlán sásta go gcloítear leis na ceanglais maidir le soláthar poiblí agus go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi na tairseacha luacha atá ann faoi láthair maidir le cur i bhfeidhm rialacha soláthair an AE agus náisiúnta. Tá an Bord go hiomlán sásta gur forbraíodh agus gur foilsíodh beartais agus nósanna imeachta soláthair don fhoireann ar fad agus tá sé sásta freisin go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun neamhchomhlíonadh na nósanna imeachta soláthair seo a bhrath.

Luach Saothair

Comhlíonann an Chuideachta Treoirlínte an Rialtais maidir le táillí stiúrthóirí a íoc agus maidir le beartas an Rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid Chomhlacht an Stáit.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear rialú inmheánach airgeadais, bunaithe ar obair na bainistíochta laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a fhorbraíonn agus a chothaíonn an creat rialaithe, an tIniúchóir Inmheánach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchta Inmheánaigh agus ar thuairimí a rinne an tIniúchóir Seachtrach ina litir bhainistíochta.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2025.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach chun aon chaillteanais ábhartha nó calaoisí a áireamh i ndáil leis an mbliain 2025 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Michael Walsh
Cathaoirleach
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

Dáta: 27 Márta 2026

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Réamhrá
Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil 2025 Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a chur i láthair.

Tá áthas orm a thuairisciú go raibh feidhmíocht dhearfach airgeadais eile ag an bPort arís i rith 2025 agus, ag an am céanna, dul chun cinn á dhéanamh ar aghaidheanna straitéiseacha ag teacht lenár bPlean Straitéiseach. Tá na leibhéil bhrabúsachta láidir fós agus bhí brabús roimh cháin os cionn €5.0milliún ann. Tá feidhmíocht oibriúcháin láidir arís, agus sháraigh EBITDA (Tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh) €8.0 milliún, an leibhéal is airde i stair na Cuideachta go dtí seo.

Ár Straitéis
Tá príomhchuspóirí na Cuideachta leagtha amach in Acht Cuanta 1996, ina luaitear gur cheart dúinn "an cuan a bhainistiú, a rialú, a oibriú agus a fhorbairt", "seirbhísí, cóiríocht agus tailte a chur ar fáil sa chuan do longa, d'earraí agus do phaisinéirí", "infheistíocht sa chuan a chur chun cinn", "gabháil d'aon ghníomhaíocht ghnó a bheidh buntáisteach d'fhorbairt an chuain" agus "na hacmhainní a bheidh ar fáil di a úsáid agus a bhainistiú ar shlí a bheidh i gcomhréir leis na cuspóirí" atá ag an gCuideachta.

Feidhmíonn an Port i gcomhréir le Beartas Náisiúnta na gCalafort 2013 inar aicmíodh Port na Sionainne agus Fhainge mar phort a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis. Sainaithnítear sa doiciméad sin Port na Sionainne agus Fhainge mar cheann de na poirt "a bhfuil cumas soiléir acu an fhorbairt ar acmhainn chalafoirt sa todhchaí a threorú sa mheántéarma agus san fhadtéarma, nuair is gá agus de réir mar is gá", agus sainordaítear leis do Phort na Sionainne agus Fhainge (mar aon leis an dá phort eile de leibhéal 1) an fhreagairt "do riachtanais acmhainne calafort náisiúnta amach anseo a threorú", agus éilítear leis "an cineál acmhainne calafoirt atá ag teastáil a chur ar fáil chun rochtain leanúnach a chinntiú ar mhargaí réigiúnacha agus ar mhargaí domhanda dár ngeilleagar trádála". Cuireann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge fáilte roimh athbhreithniú reatha na Roinne Iompair ar bheartas port agus roimh an bpróiseas comhairliúcháin a bhaineann leis. Tá athbhreithniú ar bheartas port tráthúil, agus ba cheart go dtacódh sé le forbairt earnáil na bport mar phríomhchumasóir don gheilleagar, go háirithe sna hearnálacha fuinnimh amach ón gcósta agus tionsclaíocha.

Éilíonn tiomantas na hÉireann do neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050 dul chun cinn suntasach i mbonneagar fuinnimh chomh maith le bonneagar calafoirt atá ina chumasóir ríthábhachtach do sheachadadh Fuinnimh In-athnuaite amach ón gCósta (ORE). Tá ár nAthbhreithniú Straitéiseach ar Fhís 2041 ag teacht le beartas foriomlán an Rialtais, agus leagtar amach ann conas is féidir le hinfheistíocht i gCuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge tairbhe eacnamaíoch shuntasach a sheachadadh trí fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a chumasú ar scála cibé acu trí theicneolaíocht fheistithe nó ar snámh a úsáid, trí thacaíocht a thabhairt do thionscal glas níos leithne agus trí sheirbhísí lóistíochta a sholáthar in Inbhear na Sionainne agus i réigiún níos leithne an Iarthair Láir.

Is í an fhís atá againn ná an Port a shuíomh mar phríomhspreagadh eacnamaíoch trína bhonn sócmhainní a fheabhsú agus a ghiaráil chun freastal ar infheistíocht amach ón gcósta agus ar tír mór laistigh dá chuan agus in aice leis. Leanann an Chuideachta le tacaíocht a thabhairt maidir le feabhas a chur ar bhonneagar nasctha bóithre agus iarnród, ionas go dtairgfear seirbhísí feabhsaithe, iomaíocha agus éifeachtúla do chustaiméirí, agus díríonn sí ar sholáthar seirbhísí agus bonneagair ar bhealach a sholáthróidh toradh leordhóthanach ar chaipiteal agus ag an am céanna ag cosaint an chomhthéacs timpeallachta íogair ina oibríonn sí.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Tá fís straitéiseach shoiléir ag Port na Sionainne agus Fhainge chun na cuspóirí sin a bhaint amach, rud a leagamar amach i gcáipéis Mháistirphlean Fhís 2041 na Sionainne agus Fhainge, plean 30 bliain. Seoladh Fís 2041 in 2013, agus clúdaíonn sé an tréimhse ó 2011 go 2041. I ndiaidh sin, rinne an Chuideachta athbhreithniú ar Fhís 2041, agus seoladh Athbhreithniú Straitéiseach ar Fhís 2041 Phort na Sionainne agus Fhainge i mí na Samhna 2022. Leis an athbhreithniú sin, aithnímid go bhfuil forbairt mhór tagtha ar an mbealach chun fáis agus fairsingithe le haghaidh Phort na Sionainne agus Fhainge ó foilsíodh Fís 2041 in 2013, agus tá sé ríthábhachtach go bhfanfaidh sé bailí agus comhsheasmhach le hathruithe ar dhinimic an bheartais, an chomhshaoil agus an mhargaidh. Léirítear san Athbhreithniú go bhfuil cumas ar leith ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun acmhainneacht ghaoithe ón Aigéan Atlantach a chur ar fáil agus í a sheachadadh d'Éirinn agus don Eoraip ar scála. Tá leictriúchán le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus úsáid breoslaí dócháin atá saor ó charbón (leictribhreoslaí) riachtanach chun Neodracht astaíochtaí carbóin na hÉireann a chomhlíonadh faoi sprioc 2050. Léirítear san Fhís chomh maith conas is féidir le hInbhear na Sionainne a acmhainneacht ghaoithe a threisiú chun áis ar scála gigeavata a bhunú le haghaidh tháirgeadh na hidrigine glaise. Go hachomair, díríonn an tAthbhreithniú go mór ar an athrú mór deiseanna agus oibleagáidí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide chomh maith leis na hathruithe fairsinge ar lóistíocht an tslabhra soláthair náisiúnta. Éilíonn an dinimic athraitheach sin, mar aon le fás láidir eacnamaíoch agus daonra na hÉireann, acmhainn bhreise slabhra soláthair inbhuanaithe, go háirithe maidir le bonneagar poirt.

Feidhmíocht Gnó

Tá áthas ar an mBord a thuairisciú go bhfuil ag éirí go maith leis an gCuideachta ar aon líne lenár bhfís agus lenár misean don Phort. Mar atá luaite, ba bhliain rathúil eile í an bhliain 2025 do Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Tá na leibhéil bhrabúsachta láidir fós agus bhí brabús roimh cháin os cionn €5.0milliún ann. I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, bhí feidhmíocht láidir ann in 2025, agus tugadh méaduithe ioncaim faoi deara ag críochfoirt arna mbainistiú go díreach agus ag críochfoirt faoi úinéireacht phríobháideach araon, agus ioncam iomlán de €17.6 milliún ann, méadú 12.0% ar an mbliain roimhe sin. Is í feidhmíocht tonnáiste príomhspreagthóir mheascán ioncaim na Cuideachta, agus bhí tionchar dearfach ar tháillí loinge agus lasta, go háirithe i bPort Fhaingne, rud a léirigh méadú foriomlán de €0.8 milliún nó 10.1% ar ioncam ó tháillí loinge agus lasta. Mar thoradh ar an bhfeidhmíocht fheabhsaithe ioncaim, taifeadadh EBITDA de €8.0 milliún in 2025 den chéad uair i stair na Cuideachta, agus ba é €7.6 milliún an leibhéal ab airde roimhe sin, a taifeadadh in 2021. Taifeadadh Brabús Oibriúcháin de €5.7 milliún don bhliain freisin, an leibhéal is airde dá raibh ann riamh.

Tá dul chun cinn mór déanta ag an gCuideachta le blianta beaga anuas maidir lena brabús oibriúcháin a fheabhsú agus, mar thoradh air sin, tá feabhas suntasach tagtha ar phríomhtháscairí feidhmíochta amhail EBITDA, céatadán corrlaigh oibriúcháin agus toradh ar chaipiteal a úsáideadh ó lár na 2000idí. In 2025, feictear arís go bhfuil an Chuideachta in ann corrlach 45.4% EBITDA an-láidir agus Corrlach Oibriúcháin 32.4% a thuairisciú.

Tá an Port fós i riocht láidir airgeadais, agus tá clár comhardaithe aige ar fiú luach €71.6 milliún é. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir lenár nglanchóimheasa giarála a laghdú le 10-15 bliana anuas chun a chinntiú go bhfuil na leibhéil fiachais inbhuanaithe agus chun infheistíocht amach anseo a cheadú de réir mar is gá faoi Fhís 2041. Ag deireadh 2025, thuairiscigh an Port glanfhiachas de €6.9 milliún, laghdú €3.0 milliún ar an nglanfhiachas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud a neartaíodh le híocaíocht deiridh €2.5 milliún maoinithe ón AE i ndáil le hoibreacha a cuireadh i gcrích le linn 2024. Baineann sé sin go príomha le cur i gcrích an tionscadail forbartha caipitil is mó a rinne an Port riamh. Is éard atá san fhorbairt spreagúil sin ná cé nua 117m a thógáil chun dul isteach sna Lamairní Thoir agus Thiar, an t-inlíonadh taobh thiar de bheart 5 agus soláthar rochtana, fóntas agus maolaithe tuilte ar thailte na Cuideachta chun páirc thionsclaíoch a bhaineann leis an bport a fhorbairt. Formheasadh an tionscadal sin do mhaoiniú ón AE suas le 20% den chaiteachas cáilitheach faoi Ghlao Cumaisc Iompair SCE (Saoráid um Chónascadh na hEorpa) 2017, agus fuarthas thart ar €4.5 milliún san iomlán faoin nGlao sin.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Infheistíocht Chaipitil
Luaitear Breisithe Caipitil Iomlána sa bhliain ar luach €4.59 milliún. Baineann sé sin go príomha le €3.49 milliún d'obair thógála atá ar siúl a bhaineann le thart ar €2.65 milliún don phróiseas toilithe maidir le forbairt Phort Domhain Oileán Fainge, lena n-áirítear Iniúchadh Láithreáin (IL) Mara, dearadh, staidéir chomhshaoil agus sainchomhairleoireacht, €0.6 milliún d'athchóiriú foirgneamh agus €0.2 milliún do thionscadail chaipitil draenála um chomhlíonadh comhshaoil.

Ina theannta sin, infheistíodh €1.1 milliún i dtionscadail chaipitil eile, go príomha €0.6 milliún a bhain le talamh agus foirgnimh, lena n-áirítear talamh a fháil, infheistíocht €0.2 milliún i ngléasra agus innealra agus thart ar €0.1 milliún i mótarfheithiclí.

Is mian liom a dhearbhú freisin go bhfuil na Treoirlínte maidir le Moltaí Caiteachais Chaipitiúil a Mheasúnú agus a Bhainistiú á gcomhlíonadh.

Rialachas Corparáideach
In 2025, chuaigh triúr Stiúrthóirí de chuid Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ar scor, agus athcheapadh beirt Stiúrthóirí ina dhiaidh sin. D'athcheap an tAire Deirdre O'Hara agus Jane O'Keeffe chun an Bhoird ar feadh téarma trí bliana ar an 29 Samhain 2025, tar éis do chéad téarma a gceapacháin dul in éag. D'éirigh Tom Tynan as an mBord ar an 20 Meitheamh 2025. Ba mhian liom, thar ceann an Bhoird, aitheantas a thabhairt don chion díograiseach agus suntasach a rinne Tom Tynan don Bhord le linn a théarma ceapacháin.

Tá seachtar comhaltaí ar an mBord faoi láthair. Tá ceathrar comhaltaí baineanna (57%) agus triúr comhaltaí fireanna (43%) ar an mBord faoi láthair, rud a chomhlíonann an sprioc íosta ionadaíochta do gach inscne. Tá an Bord tiomanta do chothromaíocht inscne a choinneáil agus tacú léi ar an mBord. Aithnímid, agus is mór againn, tacaíocht na Roinne Iompair agus na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí maidir le cabhrú leis an mBord cothromaíocht inscne a choinneáil ar an mBord go dtí seo. Tá an Bord ag obair leis an Roinn Iompair agus leis an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun an folúntas ar an mBord a líonadh a tháinig chun cinn de bharr scor an Uasail Tynan.

Le linn 2025, rinne an Bord agus an Chuideachta dul chun cinn suntasach maidir le cuspóirí Phlean Straitéiseach 2025 - 2029 a bhaint amach. Tá an Bord ar an mbealach chun Plean Straitéiseach 2026 - 2030 a cheadú, agus seachadfaidh sé dréachtphlean don Roinn Iompair le haghaidh tuairimí roimh fhormheas deiridh an Bhoird faoi dheireadh mhí an Mheithimh i mbliana.

Tá an Bord fós tiomanta do chomhlíonadh an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Aithnítear sa Ráiteas faoin Rialú Inmheánach ar leathanaigh 11 go 15 freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Sonraíonn an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 3 go 9 nochtadh riachtanacha an Tuarascáil Bhliantúil a eascraíonn as an gCód.

Díbhinn
Mar gheall ar fheidhmíocht láidir leanúnach le blianta beaga anuas, tá an Chuideachta in ann díbhinní a dhearbhú agus a íoc leis an Státchiste. In 2024, d'fhógair an Chuideachta díbhinn de €435,000, maidir leis an mbliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2023, a díbhinn is airde riamh.

Mhol agus d'íoc an Chuideachta díbhinn de €394,000 le linn 2025 maidir leis an mbliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2024.

Tá an Bord ag súil go leanfaidh sé de bheith in ann foráil a dhéanamh do dhíbhinní, agus iad a íoc, i ngach ceann de na cúig bliana dá Phlean Straitéiseach 2026 - 2030.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Luach Saothair
Comhlíonann an Chuideachta Treoirlínte an Rialtais maidir le táillí stiúrthóirí a íoc agus maidir le beartas an Rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid Chomhlacht an Stáit.

Comhlíonadh Reachtúil
Ba mhaith liom a dhearbhú chomh fada agus is eol dom gur comhlíonadh ceanglais reachtúla go léir na Cuideachta.

Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht
Mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, tá Éire fós tiomanta do ghníomhartha agus do chuspóirí a bhaint amach a chuireann le dul chun cinn Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. I bhfianaise phríomhról na bport mar chuid den ghréasán de shlabhraí soláthair idirnáisiúnta, tá tábhacht eacnamaíoch straitéiseach i gcónaí le freagairt go héifeachtach do thionchair an athraithe aeráide. I gcomhréir le straitéis an Rialtais, táthar ag súil go leanfaidh gach comhlacht poiblí ar aghaidh ag iarraidh níos mó a bhaint amach ná a n-astaíochtaí féin a laghdú trí ghníomhaíocht a spreagadh ar fud na sochaí i gcoitinne. Mar chuideachta faoi úinéireacht an Stáit a bhfuil dualgais agus cumhachtaí reachtúla aici, aithníonn Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge an fhreagracht agus an dúshlán ollmhór a bhaineann le meon comhpháirtithe tionscail a threorú agus a athrú.

Mar chuid d'oibreacha feabhsúcháin leanúnacha a rinneadh in 2025, thug an Chuideachta Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Phort na Sionainne agus Fhainge cothrom le dáta ina sonraítear na córais bhainistíochta atá i bhfeidhm chun feidhmíocht inbhuanaitheachta agus bearta athléimneachta aeráide laistigh den eagraíocht a mhaoirsiú. Neartaíonn na nuashonruithe sin tiomantas na Cuideachta do rialachas struchtúrtha, do thuairisciú trédhearcach agus d'ailíniú leanúnach le cuspóirí náisiúnta aeráide. Leanann an Chuideachta uirthi sonraí úsáide fuinnimh a thuairiscítear d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a úsáid chun treochlár dírithe ar an todhchaí a chaomhnú, tacaithe ag clár de dheiseanna agus tionscadail fhéideartha. Aithnítear sa chlár sin tionscnaimh a d'fhéadfaí, a mhéid is indéanta go réasúnach, a chur i bhfeidhm chun feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus chun tacú le spriocanna dícharbónaithe faoi 2030. Déantar athbhreithniú rialta ar an treochlár lena chinntiú go gcuirtear teicneolaíochtaí nua, feabhsuithe oibríochtúla agus forbairtí rialála san áireamh i bpleanáil amach anseo.

Ina theannta sin, aithníonn Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge na Gníomhartha Oiriúnaithe Aeráide i gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe na hÉireann (CNO), lena n-áirítear na hoibleagáidí agus na bearta molta do phoirt tráchtála mar atá leagtha amach sa Phlean Oiriúnaithe Earnála Iompair (POEI II). Leanfaidh an Chuideachta de bheith rannpháirteach i bpróisis tuairiscithe atá ag teacht chun cinn, de bheith ag glacadh páirte i bhfóraim comhroinnte foghlama, agus de bheith ag cur le hathbhreithnithe roinne sceidealaithe chun fanacht ailínithe le cuspóirí náisiúnta athléimneachta aeráide.

Faoi choimirce na Roinne Iompair, déanfaimid ár ndícheall ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí aeráide náisiúnta chun an cuspóir náisiúnta aeráide a bhaint amach a chur chun cinn agus chun ceannaireacht na hearnála poiblí ar ghníomhaíocht aeráide a léiriú chomh maith le bheith mar phríomheagraí gníomhaíochta ag leibhéal áitiúil agus pobail.

Forbairtí ó dheireadh na bliana
Ní thugtar aon fhorbairtí suntasacha faoi deara.

Dul chun Cinn Straitéiseach agus Forbairtí sa Todhchaí
Tá an Bord tiomanta don fhís straitéiseach a chur i gcrích mar atá leagtha amach san Athbhreithniú ar Fhís 2041 de chuid Phort na Sionainne agus Fhainge agus, chuige sin, táimid dírithe go gníomhach ar chur chun feidhme na mbunspriocanna inghnóthaithe go léir a shainaithnítear sa Phlean.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

I gcomhthéacs ár nÁthbhreithnithe ar Fhís 2041, d'fhorbair an Bord a Phlean Straitéiseach cúig bliana 2026–2030, arb é ár bplean gearrthéarmach go meántéarmach é chun ár riachtanais forbartha straitéiseacha níos fadtéarmaí a sheachadadh. Sa phlean sin, tá caiteachais chaipitil ar luach iomlán €210 milliún sainaitheanta againn chun áiseanna ár bPoirt a fhorbairt. As an méid sin, tá sé beartaithe againn €9 milliún a chaitheamh in 2026 go príomha chun forbairt áiseanna bonneagair an phoirt a chur chun cinn d'fhonn freastal ar an bhfás fadtéarmach ar éileamh.

Díríonn ár bplean bonneagair caipitil ón mbliain reatha 2025 ar aghaidh ar an mbonneagar poirt cuí a fhorbairt chun acmhainneacht ORE a bhaint amach. I ndáil leis sin, tá an fhorbairt atá beartaithe ag an gCuideachta ar Phort Domhain Oileán Fainge mar chuid de straitéis chun Inbhear na Sionainne a athrú ina mhol mór idirnáisiúnta loingseoireachta agus eacnamaíoch. Tá an tionscnamh sin leagtha amach i Máistirphlean Fhís 2041 a bhfuil sé mar aidhm aige doimhneachtaí domhainuisce nádúrtha agus suíomh straitéiseach an inbhir a threisiú chun tacú le hearnálacha éagsúla, lena n-áirítear ORE, lóistíocht, agus forbairt thionsclaíoch. Cinntíonn beartas gníomhaithe ar son na haeráide go bhfuil fócas náisiúnta anois ar imlonnú gaoithe amach ón gcósta, rud atá á thiomáint ag an riachtanas go gcaithfidh Éire, faoi 2030, 80% dá leictreachas a tháirgeadh trí fhuinneamh in-athnuaite. Leagtar amach sa Chreat Todhchaíoch um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta in Éirinn spriocanna uaillmhianacha breise chun 20GW de ghaoth amach ón gcósta a bhaint amach faoi 2040, rud a ardóidh go 37GW faoi 2050. Tá lucht déanta beartas agus an tionscal ar aon intinn go dtiocfaidh an acmhainn ghiniúna sin go príomha ó fhorbairt feirmeacha gaoithe feistithe agus snámhacha araon amach ón gcósta. Le huaillmhianta na hÉireann 37GW de ORE a bhaint amach faoi 2050, tá an Máistirphlean ag Faing níos tábhachtaí fós. Toisc gur plean iontach uaillmhianach é sin, caithfear Port Domhain Oileán Fainge a chur i gcrích d'fhonn na cuspóirí náisiúnta a bhaint amach. Beidh Port Domhain Oileán Fainge mar bhonn comhtháthaithe agus réamhchoimisiúnaithe do thuirbíní gaoithe amach ón gcósta, chomh maith le críochfort ilchuspóireach, ar féidir leis coimeádáin, bulclasta agus lasta tionscadail a láimhseáil chomh maith le longa crúsála agus O&C feirme gaoithe. Cuirfidh an áis sin ar chumas oibríochtaí Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge atá ann cheana fás agus cabhróidh sé leis an srian náisiúnta ar chumas Lo-Lo, a bhfuiltear ag súil leis a thiocfaidh sé chun cinn sa todhchaí, a mhaolú.

Sa chomhthéacs sin, le linn 2025, leanamar lenár n-oibreacha réamhphleanála do bheart domhain nua ar Oileán Fainge atá ina Shuíomh Forbartha Straitéisí agus ina shuíomh domhainuisce tosaíochta atá sainaitheanta sa Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach (CPCS) d'Inbhear na Sionainne le haghaidh forbairtí mara amach anseo. Ar an gcéad dul síos, is é ár gcuspóir cead pleanála a fháil do bheart domhain nua. Dá réir sin, tá an próiseas réamhphleanála fós ar siúl, agus cuireadh na hoibreacha IL Mara i gcrích in 2025 faoi Cheadúnas Úsáide Muirí (CÚM) arna eisiúint ag an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (ÚRLM). Fuarthas é sin tríd an bpróiseas urthrá a gcuireadh tús leis in 2023, agus a cheadaigh eisiúint Cheadúnas Úsáide Muirí (CÚM) ó ÚRLM do na hoibreacha IL tosaigh. Chuir torthaí na n-oibreacha IL Mara sin bonn eolais faoin réamhdhearadh, agus chuir siad ar ár gcumas freisin dul chun cinn a dhéanamh ar phríomhiarratas an tionscadail ar TLM a cuireadh isteach ar an 29 Bealtaine 2025. Tá ceannach thart ar 31 heicteár talún ar Oileán Fainge curtha i gcrích againn freisin laistigh de na paraiméadair luachála agus bhuiséid chomhaontaithe. Tá maoiniú breise sainaitheanta againn inár bPlean Straitéiseach 2026-2030 do chostais réamhphleanála, lena n-áirítear tuilleadh talún a fháil, imscrúduithe láithreáin ar tír, suirbhéanna éiceolaíochta agus oibreacha deartha atá riachtanach chun bonn eolais a chur faoin iarratas pleanála don bheart domhain sin agus é a ullmhú. Tá €180m breise sainaitheanta againn freisin chun tús a chur le hoibreacha tógála laistigh den Phlean. Tá bonn láidir leis an tionscadal ar Oileán Fainge, agus Éire ag díriú ar 20GW de ORE a bhaint amach faoi 2040 agus 37GW faoi 2050. Mar sin féin, tugtar faoi deara faoi láthair go bhfuil an dul chun cinn chun deiridh ar na spriocanna, agus 16GW fós ag teastáil faoi 2040, chomh maith le 17GW bhreise faoi 2050. D'fhéadfadh sé go gcosnódh spriocanna 2030 gan a bheith bainte amach os cionn €8.2 billiún i bpionóis airgeadais, agus d'fhéadfadh Éire caillteanas IDC a fhulaingt freisin, go háirithe i ngnóthais atá dian ar fhuinneamh amhail ionaid sonraí. Is iad poirt an príomhchumasóir do ghaoth amach ón gcósta, agus gan poirt a bhfuil bonneagar oiriúnach acu, ní féidir na spriocanna sin a bhaint amach. Is é Oileán Fainge an t-aon suíomh in Éirinn atá in ann tacú le ORE feistithe agus snámhach ar scála mór.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Chuir an Bord fáilte roimh sheoladh an Phlean Náisiúnta Limistéir Mhuirí Ainmnithe (PNLMA) um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta, mar aon leis an Ráiteas um Rannpháirtíocht Phoiblí don Phlean Náisiúnta Limistéir Mhuirí Ainmnithe um FIAÓC ar an 12 Meán Fómhair 2025. Is cloch mhíle thábhachtach é an seoladh sin a léiríonn tús phróiseas an PNLMA, próiseas atá ríthábhachtach chun soiléireacht agus cinnteacht níos mó a sholáthar maidir le sruthanna ioncaim amach anseo agus an bealach chuig an margadh d'fhorbairtí poirt, lena n-áirítear Port Domhain Oileán Fainge. Dheimhnigh an seoladh go soláthróidh an PLMA Náisiúnta do ORE creat beartais pleanála spásúlachta do ORE, lena n-áirítear ainmniúcháin spásúla. Cabhróidh sé le beartais agus cuspóirí ceannasacha an Stáit maidir le slándáil fuinnimh agus dícharbónú a bhaint amach. Beidh sé mar aidhm ag an PLMA Náisiúnta do ORE limistéar muirí leordhóthanach a ainmniú chun sprioc 20GW d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a bhaint amach faoi 2040, agus aird á tabhairt ar thionscadail Chéim a hAon agus ar shuíomhanna atá ainmnithe cheana faoin DMAP don Chósta Theas. Tugann an Bord dá aire go ndearnadh cuid shuntasach oibre ón seoladh ar phróiseas an PNLMA i mí Mheán Fómhair. Tá téarma an PNLMA sin go dtí 2040, agus tá sé geallta go gcuirfear i gcrích é faoin 31 Nollaig 2027. Tá gá le togra tráthúil maidir le PNLMA don Chósta Thiar chun ceant Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite Amach ón gCósta a chumasú le tarlú laistigh de na hamlínte chun na spriocanna aeráide atá leagtha amach le haghaidh fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach.

Mar a luaitear thuas, tá an críochfort ilchuspóireach ag Port Domhain Oileán Fainge riachtanach chun freastal ar fhás orgánach croíghníomhaíochtaí poirt agus iompar lasta a dhícharbónú in Éirinn trína nasc líonra iarnróid agus acmhainn bhreise Lo-Lo a chur ar fáil faoi 2040. Mar an bulcphort is mó sa tír, láimhseálann Port Fhainge méideanna suntasacha lastais, agus táthar ag súil go mbeidh sé ar lánacmhainn sa ghearrthéarma, rud a fhágann go bhfuil gá breise leis an bhforbairt sin. Is naisc chúlchríche riachtanacha iad Scéim Bóthair Fhainge-go-Luimneach agus aischur líne iarnróid Fhainge-go-Luimneach araon a fheabhsóidh athléimneacht sa slabhra soláthair náisiúnta, agus a chuirfidh léi, trí rochtain ar phort domhain Fhaigne a fheabhsú. Tabharfaidh na hinfheistíochtaí straitéiseacha bonneagair sin i naisc iompair ar talamh agus leathnú calafoirt deis dár bPort Leibhéal 1 forbairt bhreise a dhéanamh mar phríomhnód i líonra lóistíochta na hÉireann agus tacú le fás eacnamaíoch foriomlán na hÉireann. Tugann réamh-mheastacháin don chéad 20 bliain eile le fios go méadóidh an gnó coimeádán náisiúnta beagnach faoi dhó, agus é ag sárú 2 mhilliún aonad coibhéise fiche troigh (TEUnna) gach bliain, agus fás 3% in aghaidh na bliana tagtha ar an éileamh agus, mar thoradh air sin, go mbainfidh Éire a hacmhainn coimeádán amach faoi thart ar 2042. Éileoidh an fás réamh-mheasta sin acmhainn phoirt mhéadaithe le haghaidh tréchuir, chomh maith le hacmhainneacht chúlchríche fheabhsaithe le haghaidh próiseála, cothabhála agus stórála. Is féidir le Conair Iarnróid an Iarthair an tIarthar a chomhtháthú isteach sa líonra lasta náisiúnta, rud a osclaíonn fás cothrom réigiúnach agus a cheadaíonn do Shionainn - Faing acmhainn lasta bhreise ríthábhachtach a sholáthar i ndiaidh 2042.

Cinntíonn rochtain neamhphlódaithe ar iarnróid agus ar bhóithre, chomh maith le Mol Dáilte Náisiúnta den scoth 60 acra, lóistíocht níos tapúla agus níos iontaofa do thrádáil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirfidh an críochfort ilchuspóireach ar chumas Phort na Sionainne - Fhainge leanúint ar aghaidh le fás orgánach a cuid oibríochtaí builc, bonn a sholáthar do sheirbhísí O&M feirmeacha gaoithe, agus, go féideartha, áiseanna do longa crúsála nó cabhlaigh a ionchorprú.

Tá go leor tionscnaimh eile i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais, ar féidir le CPSF cur leo, mar shampla, an slabhra soláthair a dhícharbónú trí Fhaing a bhunú mar mhol lasta agus trí aistriú córa iompair ó Fheithiclí Earraí Troma go hiarnród a chur chun cinn trí athfhorbairt leanúnach na líne iarnróid idir Faing agus Luimneach. Tráth scríofa na tuarascála seo, tá na príomhoibreacha ráille ar an mbealach ceart le bheith réidh le haghaidh tástáil deiridh i mbliana, agus táthar ag súil go mbeifear i mbun oibríochtaí iarnróid faoi R1 2027. Leanann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus Iarnród Éireann de bheith ag obair le chéile chun an bonneagar nascachta iarnróid riachtanach a phleanáil taobh Phort Fhainge. Leanann an dá chuideachta freisin de bheith ag comhoibriú chun toirteanna lasta iarnróid a shainaithint agus a fhorbairt, toisc go bhfuil an tionscadal sin thar a bheith comhlántach lenár gcuspóir coimeádáin a sheoladh chuig/ó Fhaing. Tá ceanglais ESG ag tosú ag obair inár bhfabhar freisin mar gheall ar na tairbhí inbhuanaitheachta a bhaineann leis an iarnród, agus ag an am céanna ag tabhairt deis an slabhra soláthair náisiúnta a dhícharbónú agus a dhíphlódú. Tugtar faoi deara go mbeidh 400m de ché thiomnaithe don phort domhain atá beartaithe ag Faing le haghaidh soithí coimeádán a chur i mbeart. Le hacmhainn spriocdhírithe de 190,000 TEU (arb ionann é agus thart ar 10% de mhéideanna réamh-mheasta na hÉireann do 2040), beidh Port Fhainge ar an aon chríochfort coimeádán amháin in Éirinn atá in ann soithí nua-Panamax a láimhseáil a bhfuil nascacht iarnróid aige.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Mar a sonraíodh thuas, cuireann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhaigne fáilte roimh an athbhreithniú reatha atá á dhéanamh ag an Roinn Iompair ar Bheartas Calafort. Tá athbhreithniú ar Bheartas Calafort tráthúil, agus ba cheart go dtacódh sé le forbairt leanúnach earnáil na bport mar phríomhchumasóir don gheilleagar náisiúnta, go háirithe sna hearnálacha fuinnimh amach ón gcósta agus tionsclaíocha. Maidir leis sin, d'fhéadfadh an Beartas Calafort cuidiú le léargas a thabhairt ar sheasamh an Rialtais maidir le maoiniú port i gcomhthéacs tionscadal a bhaineann le ORE, lena n-áirítear tacaíocht fhéideartha don earnáil port chun go bhféadfaí straitéis mhaoinithe a chur i bhfeidhm agus i gcrích. D'fhéadfadh an Beartas Calafort cuidiú freisin le leanúint de thionscadail nascachta cúlchríche chuig críochfort Fhainge a aithint, a chur chun tosaigh agus a chur chun cinn, eadhon scéimeanna bóthair agus iarnróid Fhainge go Luimneach, agus ar deireadh, cur chuige comhordaithe agus tosaíochta ar fud an Rialtais a mheas, rud atá ag teastáil go práinneach chun oibleagáidí náisiúnta gníomhaithe ar son na haeráide do 2050 a chomhlíonadh. Tá tógáil agus infhaighteacht an bhonneagair riachtanaigh ríthábhachtach chun spriocanna ORE a bhaint amach. Beidh cinnteoireacht éifeachtach riachtanach chun tacú leis an infheistíocht atá de dhíth chun an cuspóir beartais foriomlán sin a chomhlíonadh.

Go hachomair, agus i gcomhréir lenár bPlean Straitéiseach cúig bliana 2026-2030, táthar ag súil go mbeidh dearcadh feidhmíochta gearrthéarmach na Cuideachta cobhsaí agus láidir agus na tionchair ar thréchuir lasta ón aistriú ó bhreoslaí iontaisí á gcur san áireamh. Tá deiseanna suntasacha ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma don Phort i bhforbairt slabhra soláthair le haghaidh gaoth amach ón gcósta agus chun ár n-acmhainn lasta agus lóistíochta a leathnú. Is féidir le hinfheistíocht i bPort na Sionainne agus Fhainge sochair shochaíocha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear poist a chruthú sa cheantar áitiúil, astaíochtaí carbóin a laghdú agus foinsí breosla malartacha a chur ar fáil. Tá sé de chumas ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhaigne imní faoi phlódú a mhaolú ar an leibhéal náisiúnta agus cabhrú le hacmhainn eacnamaíoch a chur chun cinn sa réigiún. Forálfaidh bunú an il-chríochfoirt ag Faing do thuilleadh acmhainneacht coimeádán a mhaolóidh srianta acmhainne náisiúnta amach anseo.
Leanamar orainn leis na príomhfhorbairtí straitéiseacha sin a chur chun cinn le linn 2025 agus go dtí an lae inniu agus, ag an am céanna, ag aithint go bhfuil baint amach na ndeiseanna sin ag brath go hiomlán ar chur i bhfeidhm rathúil Fhís 2041 agus Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041. Aithnímid ina dhiaidh sin na dúshláin a bhaineann le cur i bhfeidhm na bpleananna sin atá ag brath i bpáirt ar thacaíocht páirtithe leasmhara éagsúla leis na gníomhartha forordaithe a dhéanamh a theastaíonn chun seachadadh rathúil a éascú.

Cé nach féidir tionchar an chogaidh reatha sa Mheánoirthear ar loingseoireacht dhomhanda agus ar ár n-oibríochtaí féin a chinneadh go hiomlán fós, leanaimid orainn idirchaidreamh dlúth a dhéanamh lenár gcustaiméirí, lenár soláthraithe, leis an Roinn Iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí. Leanfaidh an Bord, in éineacht lena fhoireann Bainistíochta, de phleananna teagmhais a ullmhú, agus monatóireacht a dhéanamh orthu, chun iarracht a dhéanamh tionchair dhiúltacha eacnamaíocha fhéideartha a mhaolú nuair is féidir.

Aitheantais
Ba mhian liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Stiúrthóirí as an obair leanúnach a rinne siad ar son na Cuideachta i rith na bliana.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Darragh O'Brien TD, an tAire Iompair agus an tAire Aeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh, an tUasal Seán Canney TD, an tAire Stáit atá freagrach as Iompar Idirnáisiúnta agus Bóthair, Lóistíocht, Iarnród agus Calafoirt agus an tAire Timmy Dooley TD, an tAire Stáit ag a bhfuil freagracht Iascaigh agus Mara, as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht go dtí seo, agus táim ag tnúth le tuilleadh teagmhála a dhéanamh leo sa téarma amach romhainn.

Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl do na hoifigigh roinne go léir as a gcomhoibriú leanúnach leis an gCuideachta agus as a dtacaíocht thiomanta don Chuideachta le linn na tréimhse athbhreithnithe.

Ba mhaith liom buíochas agus aitheantas a thabhairt do na páirtithe leasmhara iomadúla ar fud an Phoirt lena n-áirítear ár gcustaiméirí, ár soláthraithe, ár rialtóirí, ár lucht gnó agus an pobal áitiúil a oibríonn linn agus a bhfuil a dtacaíocht leanúnach ríthábhachtach do rath an Phoirt.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Pat Keating, lenár bhfoireann bainistíochta agus leis an bhfoireann ar fad as a gcuid oibre crua, a n-inspreagadh agus a gcomhoibriú leanúnach i rith 2025 agus a ndíriú leanúnach ar an bplean a sheachadadh chun acmhainneacht Phort na Sionainne agus Fhainge a bhaint amach.

Michael Walsh
Cathaoirleach
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

Dáta: 27 Márta 2026

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

ATHBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN

Tá áthas orm torthaí láidre a thuairisciú don bhliain agus an bhrabúsacht is airde riamh de bhun tonnáiste ag méadú 2.2% go 9.35 milliún tonna bliain i ndiaidh bliana (2024: 9.15 milliún tonna) mar aon le hioncam láidir ó chíos agus ó sheirbhísí tánaisteacha. I measc na n-iarmhairtí seachtracha suntasacha i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, tá feidhmíocht láidir leanúnach gheilleagar na hÉireann, a raibh tionchar dearfach aici ar earnálacha iartheachtacha amhail an talmhaíocht, an fuinneamh agus an tógáil. Dá réir sin, tá EBITA os cionn €8.0 milliún á thuairisciú ag an gCuideachta den chéad uair ina stair, chomh maith leis na brabúis oibriúcháin is airde riamh de €5.7m (2024: €4.8m).

Cé gur tháinig méadú 2.2% ar thréchuir fhoriomlána thonnáiste an Inbhir, mhéadaigh an láimhdeachas go dtí €17.63m (2024: €15.73m) rud a léiríonn méadú bliain ar bhliain de 12.0%. Eascraíonn an difríocht dhearfach sin go príomha as na tréchuir is airde riamh ag Faing, láimhdeachas stoc stórála breosla straitéiseach náisiúnta agus ioncaim nach mbaineann le toirteanna. Bhí tionchar ar thréchuir thonnáiste mar gheall ar aistriú BSL, a bhfuil poiblíocht fhorleathan déanta air, ó ghual go hamhábhair a astaíonn níos lú carbóin. Tugtar faoi deara, ag pointe amháin, go raibh tonnáiste Ghob na Muine cothrom le beagnach 20% de thréchur iomlán an Inbhir. Go suntasach, tá an Chuideachta tar éis maolú a dhéanamh ar chailliúint na n-ioncam gaolmhar sin, mar a léirítear leis an láimhdeachas ard go stairiúil d'os cionn €17m a tuairiscíodh do 2025. Léiríonn an fheidhmíocht sin cé chomh maith agus atá ár gcríochfoirt, a bhainistítear go díreach i bhFaing agus i Luimneach, ag feidhmiú. Mar shampla, thaifead Port Fhainge an tonnáiste is airde riamh in 2025, agus é méadaithe 10.8% bliain ar bhliain.

Maidir le dícharbónú, tá go leor tagartha déanta ar an aistriú ó iontaisí, agus beidh tionchar diúltach fós ar thonnáiste sa ghearrthéarma, ach ní mheastar go mbeidh laghduithe foriomlána ar thréchuir tonnáiste bhuain, agus tiocfaidh méadú suntasach air i ndáiríre de réir mar a bhainfear amach na tairbhí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta (ORE) agus soláthar na seirbhísí lóistíochta inbhuanaithe thar an meántéarma go dtí an fadtéarma. Tá na méaduithe sin ar thoirt san fhadtéarma sainaitheanta go soiléir agus réamh-mheasta inár máistirphlean nuashonraithe, an tAthbhreithniú Straitéiseach ar Fhís 2041. Ach amháin an crapadh ar gheilleagar an RA a théann i bhfeidhm ar roinnt onnmhairí díreacha, d'éirigh go láidir lenár saoráidí lasta ghinearálta, a bhainistítear go díreach ag Luimneach agus ag Faing, rud a mhaolaigh den chuid is mó na drochthionchair ón earnáil giniúna cumhachta. Mar a sonraíodh, d'fheidhmigh an dá chríochfort sin go sásúil thar líon foinsí ioncaim, amhail tonnáiste, cíos agus leagan síos chomh maith le sruthanna ioncaim eile den tríú grád.

Maidir le tréchuir lasta ghinearálta, tháinig tionchair mheasctha ar na hearnálacha bunaidh. D'fhan an earnáil in-athnuaite lag toisc go bhfuil tionchar ag na deacrachtaí pleanála leanúnacha atá roimh an earnáil sin ar allmhairí tuirbíní ar talamh. Bhí feidhmíocht mheasctha ag an earnáil tógála, agus bhí tionchar ag geilleagar na Ríochta Aontaithe uirthi mar a luadh cheana. Mar sin féin, d'fheidhmigh lastais thionsclaíocha agus bhreoslaí, seachas giniúint cumhachta, go láidir mar gheall ar an ngeilleagar láidir intíre. D'fheidhmigh lastais talmhaíochta go láidir ar fud gach cineál lastais, iad brúite chun cinn ag praghsanna bainne agus mairteola níos airde. D'éirigh go maith le breoslaí iompair agus eitlíochta freisin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus méaduithe ar thréchur ina léiriú ar éileamh láidir ar iompar, agus, mar shampla, sháraigh breoslaí leachtacha na méideanna réamh-Covid arís. Tugtar faoi deara freisin go bhfuil oibríochtaí lasta aonadaithe nó LoLo ag Faing ag leanúint ar aghaidh go rathúil ó R4 2023, agus is é cuspóir na Cuideachta ná na seirbhísí sin a leathnú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Ar an iomlán, d'éirigh go maith lenár gcríochfoirt lasta ghinearálta i Luimneach agus Faing, agus láimhdeachas bliain i ndiaidh bliana ag maolú go mór ar an laghdú láimhdeachais ag na críochfoirt faoi úinéireacht phríobháideach san earnáil giniúna cumhachta.

Ag an leibhéal oibríochta, táimid ag tuairisciú an bhrabúis oibriúcháin is airde riamh don bhliain de €5.7m (2024: €4.8m) rud a léiríonn méadú ar an gcorrlach oibriúcháin go 32.4% (2024: 30.6%). Bhí an bhrabúsacht oibriúcháin agus an corrlach méadaithe brúite chun cinn go príomha ag an bhfeidhmíocht láidir ioncaim a luadh thuas. Mar sin féin, bhí roinnt brúnna bunaigh costais ann mar gheall ar bhoilsciú ginearálta agus pá, muirir mhéadaithe dhímheasa agus méadú ar chaiteachas straitéiseach nó forbartha. Mhéadaigh costais oibríochta 5.8% bliain ar bhliain, mar gheall ar chaiteachas pleanáilte ar chothabháil dugaí agus céanna go príomha chomh maith le costais mhéadaithe dreidireachta. Mhéadaigh an muirear dímheasa freisin bliain ar bhliain, rud a léiríonn infheistíocht leanúnach sa ghnó, áit a bhfuil sócmhainní seasta inláimhsithe méadaithe go €133m (2015: €80m).

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

ATHBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)

Mhéadaigh na costais riaracháin freisin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin go €3.9m (2024: €3.3m) nó 16.6%. Léirítear sna costais riaracháin mhéadaithe le blianta beaga anuas méadú ar chaiteachas forbartha a bhaineann le Beart Domhain Oileán Fainge atá beartaithe, boilsciú pá agus tuarastail, agus méaduithe ar chostais bhunaithe amhail árachas agus muirir uisce. Tugtar faoi deara go bhfuil an Chuideachta ag pleanáil go láidir don todhchaí agus go léirítear na costais sin i muirir mhéadaithe dhímheasa ar shócmhainní nua suntasacha nó ar chostais forbartha a bhaineann le hOileán Fainge, i gcomhréir leis an mbonneagar calafoirt amach anseo atá sainaitheanta i bhFís 2041, agus go bhfuil moill shuntasach idir na costais sin agus na hioncaim ghaolmhara.

Maidir le hinfheistíocht sócmhainní, tháinig laghdú beag bliain ar bhliain ar na muirir úis ghaolmhara go €829k (2024: €902k). Baineann na muirir sin le fiachas a thabhaítear chun caiteachas caipitil a chumasú amháin. Agus glanghiaráil de 8.8% (2024: 12.8%) agus clúdach úis de 9.6x (2024: 7.9x) ann, táimid sásta go bhfuil na leibhéil ghiarála go maith laistigh d'acmhainn an ghnó.

Cé go bhfuil brabúis mhaithe á nginiúint go seasta ag an ngnólacht anois, tá éilimh shuntasacha ar shreabhadh airgid amhail an Clár Infheistíochta leathan atá mar bhonn faoi Fhís 2041 agus na riachtanais maoinithe fiachais ghaolmhara amach anseo. Maidir leis an dara ceann, go deimhin, agus imeachtaí geopholaitiúla reatha ag brú boilscithe chun cinn, rud a d'fhéadfaí fiorú a dhéanamh ar mhéadú ar rátaí úis, beidh bainistíocht sreabhaidh airgid ina príomhbhéim don Lucht Bainistíochta. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go leanfaimid ar aghaidh le hioncaim a fhás de réir ár bPlean Straitéisigh agus, níos tábhachtaí fós, go leanfaimid de bheith ag rialú costas go láidir ionas gur féidir linn cur leis an rath a bhí orainn le déanaí. Maidir leis sin, tá an Bhainistíocht dírithe go láidir i gcónaí ar an gcorrlach a fheabhsú trí chostais a bhainistiú agus ioncam a mhéadú trí Luimneach agus Faing chun giaráil iomlán a dhéanamh ar a hacmhainn fheabhsaithe thaobh an chladaigh agus ar na sócmhainní suntasacha talún agus stórála.

Pleanáil Acmhainne agus Maoiniú
Mar gheall ar an seachadadh comhsheasmhach le roinnt blianta anuas de thorthaí láidre oibriúcháin agus airgeadais, leanann ár gclár comhardaithe de bheith ag leathnú agus ag neartú. Mar shampla, tháinig méadú ar ghlansócmhainní go €72m, agus tháinig méadú 240% ar ghlansócmhainní na Cuideachta thar an tréimhse deich mbliana go dtí 2025. Chomh maith leis sin, réamh-mheastar fás leanúnach maidir lenár bPlean Straitéiseach cúig bliana is déanaí don tréimhse 2026-2030, rud a léiríonn an gá le hinfheistíocht leanúnach i mbonneagar poirt chun acmhainn a fheabhsú agus a mhéadú. Maidir le giaráil, tá an chuideachta i staid láidir chomh maith agus giaráil á coinneáil ag na leibhéil is fearr a chabhródh le seachadadh tráthúil ár gcláir infheistíochta. Chuir an neart feidhmíochta sin ar chumas na Cuideachta a Clár Infheistíochta uaillmhianach atá mar bhonn faoi Fhís 2041 a chur chun feidhme.

Fuarthas amach san anailís ar éileamh a cuireadh i gcrích i bhFís 2041 agus san Athbhreithniú Straitéiseach ar Fhís 2041, go bhfuil gá le hinfheistíocht shuntasach in acmhainn bhreise sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Maidir leis sin, sainaithníonn cur chun feidhme leanúnach ár gcláir infheistíochta caipitil i gcomhréir lenár bPlean Straitéiseach 2026-2030, rud atá cómhaoinithe ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, infheistíochtaí níos mó ná mar a bhí riamh ann, rud a chuireann le cuspóir na Cuideachta Faing a fhorbairt mar mhol náisiúnta agus idirnáisiúnta lóistíochta ar scála. Mar a tuairiscíodh roimhe seo, chuir oibreacha caipitil le déanaí acmhainn shuntasach nua lamairne agus stórála ar fáil ag Port Fainge. Chomh maith leis sin, táimid ag dul chun cinn le seachadadh ceann de na páirceanna ardlóistíochta poirt seirbhísithe is mó in Éirinn, suíomh 38 heicteár a bhfuil cead pleanála do 127,000 troigh aige a deonaíodh cheana féin agus an poitéinseal láithreach ann chun 400,000 troigh chearnach bhreise de thrádstóráil lóistíochta nua-aimseartha a fhorbairt.

Tá lúcháir orainn an dul chun cinn suntasach leanúnach a lua a rinneadh ar nascacht chúlchríoch an Phoirt le linn 2025. Deonaíodh toiliú pleanála don Bhóthar ó Luimneach go Faing (lena n-áirítear seach-chonair Áth Dara) i mí Lúnasa 2022, agus táthar ag súil go gcríochnófar tógáil ar an gcuid de sheach-chonair Áth Dara ón M21 go Cróch de réir thráth an chláir faoi shamhradh 2027. Tá údar tugtha leis an Scéim bóthair sin mar go gceanglaítear le Rialachán Ten-T go mbeidh Port na Sionainne agus Fhainge nasctha trí bhóithre agus iarnróid leordhóthanacha faoi 2030. Tá sí ina bonneagar conaire ríthábhachtach nascachta cúlchríche le go bhféadfaidh an Port forbairt agus leathnú a dhéanamh de réir mar a cheanglaítear i bhFís 2041, san Athbhreithniú Straitéiseach ar Fhís 2041, Beartas Calafort Náisiúnta agus an AE, sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Plean Forbartha Náisiúnta.

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

ATHBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)

Cuireadh tús le hoibreacha tógála le haghaidh athchóiriú an iarnróid 40km ó Luimneach go Faing ag deireadh 2022. Tá an t-athchóiriú iarnróid €155m sin ina phríomhchuspóir ag Fís 2041 agus ag an Athbhreithniú Straitéiseach ar Fhís 2041 agus do bheartais port náisiúnta agus an AE. Tugtar le fios dúinn go bhfuiltear ag súil leis an líne a athoscailt le haghaidh seirbhísí lasta R1 2027. Beidh sé ina chumasóir bunriachtanach don Phort seirbhísí lóistíochta inbhuanaithe a fhorbairt ó Fhaing, agus táimid ag obair go dlúth le hIarnród Éireann ar an tionscadal tábhachtach sin. Go deimhin, aithníodh leis an gcomhoibriú láidir sin le hIarnród Éireann méideanna suntasacha tonnáiste don líne, agus táimid muiníneach go n-aistreofar méideanna suntasacha trách ta inbhuanaithe chuig an iarnród nuair a athosclófar í. Tugaimid faoi deara gur shainaithin an Straitéis Lasta Uile-Oileáin, a foilsíodh le linn 2024, i measc nithe eile, an laghdú ar tháillí rochtana iarnróid chun aistriú córa iompair chuig iarnród a éascú. Iarraimid go gcuirfí an cuspóir sin den Straitéis i bhfeidhm gan mhoill. Beidh aistriú córa iompair lasta náisiúnta ó thart ar 1% amháin sa lá atá inniu ann mar thoradh ar an ngréasán iarnróid náisiúnta ag an bport ó Luimneach go Faing a cheangal. Cabhróidh an t-aistriú córa iompair sin le hiompar a chuid oibleagáidí neodracha aeráide faoi Phlean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide a chomhlíonadh.

Mar a luadh, tá ról suntasach ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge maidir le cuidiú le haistriú na tíre chuig geilleagar ísealcharbóin. Nuashonraíodh ár gClár Infheistíochta Caipitil meántéarmach chun a chinntiú go mbeidh an acmhainn riachtanach ag an bPort i bhfeidhm chun freastal ar an aistriú sin, go háirithe maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus le hacmhainn beartanna doimhne. Breathnaíodh ar riachtanais fhadtéarmacha san Athbhreithniú Straitéiseach ar Fhís 2041, agus déantar plé breise orthu thíos. Cé go bhfanann ár gClár Caipitil oiriúnach don fheidhm, mar gheall ar scála agus buntáistí socheacnamaíochta níos leithne a bhaineann le roinnt tionscadal pleanáilte san fhadtéarma, tá gá le hathbhreithniú ar mhaoiniú acmhainne poirt ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis sin, cuirimid fáilte roimh an athbhreithniú leanúnach ar Bheartas Náisiúnta na gCalafort inar ardaíodh maoiniú bonneagair calafoirt mar ábhar tábhachtach sa Pháipéar Saincheisteanna gaolmhar. Maidir leis an meántéarma, táimid sásta go bhfanfaidh leibhéil fiachais, agus an ráta úis reatha mar atá faoi láthair á chur san áireamh, laistigh d'acmhainn airgeadais an ghnó. Ina theannta sin, tacaíonn clár CEF/TEN-T de chuid an AE lenár bpleananna infheistíochta trína bhfuil formheas faighte againn cheana féin le haghaidh suas le €10m de mhaoiniú deontais an AE.

Don dara bliain as a chéile, tá seasamh scéim pinsin sochar sainithe na Cuideachta i mbarrachas ar bhonn comhiomlánaithe. Ag deireadh na bliana, thaifeadamar sócmhainn phinsin de €3.6m (2024: €1.7m). Tá laghdú suntasach tagtha ar an easnamh pinsin le blianta beaga anuas, rud ar chuidigh rátaí úis níos airde leis go pointe áirithe, agus a d'éascaigh ráta lascaine níos airde chun luach a chur ar dhliteanais na scéime. Tugtar faoi deara go bhfuil na bunscéimeanna dúnta d'iontrálaithe nua le tamall anuas agus go bhfuil thart ar €6m curtha leo ag an gCuideachta le cúig bliana anuas. Is é ár gcuspóir seasamh airgeadais na scéimeanna pinsin bunúsacha a chaomhnú i gcomhréir leis na Tograí Maoinithe ceadaithe gaolmhara agus maidir leis sin, measaimid go bhfuil athbhreithniú tráthúil ar an maoiniú oiriúnach.

Tá foráil déanta ag an mBord maidir le díbhinní ina phlean straitéiseach rollach reatha cúig bliana 2026-2030 de réir a Bheartais Díbhinní faofa. D'íoc an Chuideachta díbhinn de €394,000 do 2024.

Tá infheistíocht chaipitil le linn 2025 mar atá leagtha amach sna ráitis airgeadais.

Inbhuanaitheacht & Timpeallacht

I gcomhréir le Plean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide, táimid ag forbairt creat inbhuanaithe atá oiriúnach chun gealltanais an Rialtais a chomhlíonadh (laghdú astuithe 51% faoi 2030 agus neodracht faoi 2050) agus riachtanais an ghnó á gcomhlíonadh againn. Tá Creat Gníomhaithe ar son na hAeráide glactha ag an gCuideachta atá i gcomhréir leis an gcreat atá molta ag RÉnua do chomhlachtaí leathstáit tráchtála. Tá an creat sin bunaithe ar chúig ghealltanas nó cholún a ghlacadh a léiríonn cur chuige dea-chleachtais maidir le bainistíocht agus tuairisciú inbhuanaithe. Beidh an Creat Gníomhaithe ar son na hAeráide sin ina chuid dár gCóras Bainistíochta Comhtháite a chomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta faoi láthair lena n-áirítear ISO9001:2015, ISO45001:2018 agus an Córas Athbhreithnithe Comhshaoil um Chalafoirt (PERS).

CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

ATHBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)

Cearta an Duine & Comhionannas
Is eol dúinn ár ndualgais agus ár bhfreagrachtaí maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir na Cuideachta agus creidimid, a mhéid is indéanta le réasún, go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm chun comhlíonadh a rialáil agus a bhaint amach.

Aithnímid an ceart go gcaithfear le dínit agus le meas agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil cead ag gach oibrí a gcuid oibre a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte a thugann urraim do shláine gach duine.

